# Tuarascáil Riosca Oifige – Aibreán 2026

## Léarscáil Teas Riosca

Léiríonn an léarscáil

- líon na rioscaí corparáideacha de réir rátáil riosca iarmharaigh, agus an ghluaiseacht i gcomparáid leis an ráithe roimhe sin,
- cur síos ar na rioscaí arda agus meánacha uile, rangaithe de réir rátála.

| Tionchar Riosca | | 1 Caolseans | 2 Ní dócha | 3 Níos dóichí ná a mhalairt | 4 Is dócha | 5 Á tarlú cheana féin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tubaisteach | 5 | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) |
| Damáiste an- suntasach | 4 | 1 (-) | 0 (-) | 2 (+1) | 0 (-) | 0 (-) |
| Damáiste measartha | 3 | 1 (-) | 4 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) |
| Damáiste Íseal/gur féidir smacht a choinneáil air | 2 | 3 (-1) | 1 (-) | 0 (-) | 1 (-) | 0 (-) |
| Neamhthábhachtach | 1 | 1 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) |

Risk Likelihood

Nóta: Léiríonn na figiúirí sna lúibíní gluaiseacht ar líon na rioscaí taobh istigh de scór riosca sa tréimhse sin

| Rank | Risk |
|---|---|
| 1 | Neamhsheachadadh an chláir oibre iniúchóireachta feidhmíochta |
| 2 | Sáruithe cibearshlándála agus/nó sáruithe sonraí |
| 3 | Cumas foirne |

Ní mheasann an CBP go bhfuil aon rioscaí iarmharacha a bhfuil ráta ard ag baint leo ann ag an am seo. Rinne an CBP athbhreithniú ar dhul chun cinn i mbainistíocht rioscaí mar atá leagtha amach sna gníomhartha láimhseála riosca agus rinne siad machnamh ar rioscaí tuairiscithe agus rioscaí a bhí ag teacht chun cinn. Níor tuairiscíodh aon rioscaí ar an gcóras tuairiscithe riosca.

Is é conclúid fhoriomlán an Choiste i mí Aibreáin 2026 gurb é neamhsheachadadh an chláir oibre iniúchóireachta feidhmíochta an riosca iarmharach is airde atá os comhair na hOifige mar gheall ar fholúntas sa phost mar Stiúrthóir Iniúchóireachta. Baineann na chéad rioscaí eile is suntasaí le neamhchomhlíonadh na gceanglas dlíthiúil uile, na n-oibleagáidí rialachais agus na n-oibleagáidí corparáideacha eile de bharr sáruithe cibearshlándála agus/nó sonraí; chomh maith le teip i seachadadh chláir na hOifige mar gheall ar mheascán taithí na foirne.